



An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026
(OR. en)

10101/26

ENER 311
TELECOM 291
CYBER 269
MI 583
COMPET 667

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Meitheamh 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 501 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Treochlár Straitéiseach le haghaidh an Aistrithe Dhigitigh agus na hIntleachta Saorga san Earnáil Fuinnimh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 501 final.

Faoi iamh: COM(2026) 501 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2026
COM(2026) 501 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Treochlár Straitéiseach le haghaidh an Aistrithe Dhigitigh agus na hIntleachta Saorga
san Earnáil Fuinnimh**

1. Réamhrá

Tá ár saol á athmhúnlú ag an aistriú digiteach, agus ní haon eisceacht í an earnáil fuinnimh. I dtuarascáil Mario Draghi maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa¹, cuireadh i dtábhacht nach mór don Aontas Eorpach leas a bhaint as an ‘réabhlóid dhigiteach’ agus infheistíocht chinntitheach a dhéanamh san Intleacht Shaorga (IS) agus sa bhonneagar sonraí chun a iomaíochas a chosaint agus chun bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú chuig fuinneamh glan.

Mar gheall ar phraghsanna arda fuinnimh san Aontas, atá níos measa de dheasca géarchéim breosla iontaise atá ag dul chun donais, agus mar gheall ar an mbrú a chuireann na praghsanna sin ar iomaíochas tionsclaíoch agus ar theaghlaigh araon, tá claochlú digiteach an chórais fuinnimh níos práinní ná riamh. Spreag an choinbhleacht sa Mheánoirthear arduithe luaineacha ar phraghsanna, rud a léiríonn leochaileacht spleáchas an Aontais ar allmhairí domhanda.

Tá fíorcheannasacht teicneolaíochta ag baint le córas fuinnimh digitithe idirnasctha lena méadaítear an leictriú agus comhtháthú an fhuinnimh ghlain. Is féidir le réitigh dhigiteacha smacht níos mó a thabhairt do thomhaltóirí nuair a úsáideann siad leictreachas, rud a chuireann ar a gcumas dóibh tomhaltas a aistriú go huaireanta níos saoire agus a mbillí a ísliú. Ó thaobh earnáil na tionsclaíochta de, is féidir leis an aistriú digiteach costais fuinnimh a laghdú, feabhas a chur ar éifeachtúlacht, próisis táirgthe a optamú, agus é a dhéanamh níos éasca freagairt do chomharthaí praghaís agus páirt a ghlacadh i margaí solúbthachta. Nuair a dhéantar solúbthacht ón iliomad gaireas, foirgneamh agus próiseas tionsclaíoch a chomhiomlánú, is féidir leis buaicéileamh a laghdú, teorainn a chur leis an ngá atá le giniúint chostasach ó bhreoslaí iontaise, agus costais a laghdú ar fud an chórais ar fad. An tráth céanna, is féidir le huirlisí digiteacha agus an intleacht shaorga cuidiú le hoibreoírí eangaí, le gléasraí cumhachta, le saoráidí stórála agus le láithreáin thionsclaíocha oibriú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos tuarthaí. Is é an toradh atá air sin tionscal níos iomaíche, billí níos ísle le haghaidh teaghlach, agus córas fuinnimh atá níos athléimní agus níos inacmhainne ar an iomlán².

Mar thoradh ar an ngá atá le méadú ar acmhainneachtaí ríomhaireachta, tiocfaidh méadú dá bharr sin ar riachtanais fuinnimh le haghaidh an aistrithe digitigh, agus tá an intleacht shaorga agus lárionaid sonraí go háirithe ag cur leis an éileamh ar fhuinneamh³, agus d’fhéadfadh iarmhairtí a bheith aige sin ar an dícharbónú, ar phraghsanna agus ar rochtain ar eangacha do gach tomhaltóir. Tá brú méadaitheach ar acmhainní uisce ag gabháil leis sin mar a aithnítear i Straitéis an Aontais maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce⁴. Tá na dúshláin sin roimh roinnt Ballstát agus tríú tíortha cheana féin. Mura dtéitear i ngleic leo ar leibhéal an Aontais anois, d’fhéadfadh méadú mór teacht ar na dúshláin sin agus d’fhéadfadh sé a bheith níos deacra iad a réiteach sna blianta amach romhainn, ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú breise ar thomhaltas fuinnimh na hearnála. Tá sé rithábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an aistriú digiteach ar thomhaltóirí eile ná ar chlár oibre an

¹ [The future of European competitiveness: A Competitiveness Strategy for Europe \[Todhchaí iomaíochas na hEorpa: Straitéis Iomaíochais don Eoraip\], M. Draghi, 2024](#)

² Leis an aistriú digiteach, d’fhéadfaí níos mó ná EUR 71 bhiliún de choigilteas díreach bliantúil tomhaltóirí agus níos mó ná EUR 300 billiún de thairbhí sa chóras i gcoitinne a bhaint amach (*2030 Demand-side flexibility - Quantification of benefits in the EU* [Solúbthacht ar thaobh an éilimh 2030 - Cainníochtú na dtairbhí san Aontas], staidéar, arna dhéanamh ag smartEn agus DNV). Tuairiscíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) gur féidir le teaghlaigh Shualannacha a úsáideann téamh leictreach suas le 40 % a choigilt trí sholúbthacht ar thaobh an éilimh, agus measann an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (GIF) go bhféadfaí EUR 95 bhiliún de choigilteas bliantúil domhanda a bhaint amach faoi 2035 a bhí le feidhmchláir IS atá ann cheana in oibriochtaí agus i gcothabháil gléasraí cumhachta ([IEA - Energy and AI, World Energy Outlook Special Report, 2025](#) [GIF - Fuinneamh agus an Intleacht Shaorga, Tuarascáil Speisialta maidir le hIonchas Fuinnimh Domhanda, 2025]).

³ Measann GIF, i ngeilleagair shárthforbartha, go spreagfaidh lárionaid sonraí níos mó ná 20 % den fhás ar an éileamh ar leictreachas idir seo agus 2030 ([IEA - Energy and AI, World Energy Outlook Special Report, 2025](#) [GIF - Fuinneamh agus an Intleacht Shaorga, Tuarascáil Speisialta maidir le hIonchas Fuinnimh Domhanda, 2025]).

⁴ [An straitéis athléimneachta maidir le huisce](#)

Choimisiúin maidir leis an leictriú ach go mbainistear é ar bhealach chun comhtháthú córas a chumasú agus chun an tionchar ar an gcóras fuinnimh a theorannú.

Dá bhrí sin, níl córas fuinnimh digitithe inbhuanaithe de chuid an Aontais lena ngiaráiltear acmhainneacht teicneolaíochtaí digiteacha roghnach a thuilleadh, ach tá sé fíor-riachtanach. Ach ní thiocfaidh sé chun cinn ina aonar: chuige sin, tá gá le heangacha cliste, méadair chliste, agus malartú sonraí gan uaim ar fud an chórais fuinnimh. Ní neartóidh an t-aistriú digiteach an Eoraip ann féin ach oiread. Chun iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a threisiú, ní mór don Aontas smacht ceannasach a choinneáil freisin ar na réitigh dhigiteacha, ar na samhlacha intleachta saorga agus ar na halgartaim ar a bhfuil a chóras fuinnimh ag brath ar bhonn níos minice. Tá céimeanna cinntitheacha á nglacadh cheana féin ag gníomhaithe domhanda sa treo sin⁵. Más mian leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú domhanda chuig fuinneamh glan, ní mór dó treochlár uailmhianach a fhorbairt sa réimse sin.

Leagtar amach sa Treochlár Straitéiseach seo bearta le haghaidh córas fuinnimh digitithe de chuid an Aontais ina dtacóidh an intleacht shaorga le fuinneamh slán, glan agus iomaíoch a sholáthar do gach tomhaltóir. Cuireann sé le tosaíochtaí beartais an Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga⁶, na Straitéise um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga⁷, obair na hOifige IS, agus Phlean Gníomhaíochta 2022 um Aistriú Digiteach an Fhuinnimh chun leas a bhaint as réitigh dhigiteacha le haghaidh earnáil fuinnimh na hEorpa. Comhlánaíonn sé an Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, lena gcruthófar na dálaí cearta don Aontas infheistíochtaí móra in acmhainneacht néalríomhaireachta agus imeall-ríomhaireachta a dhreasú.

Faoi 2030, cuideoidh na bearta a leagtar amach sa Treochlár Straitéiseach seo le fás inbhuanaithe na hearnála digití san Aontas, rud a mbeidh tionchar dearfach aige ar gach tomhaltóir fuinnimh. Cuideoidh malartú agus comhthiomsú trasteorann sonraí fuinnimh freisin leis an Aontas a chur ar léarscáil idirnáisiúnta na hintleachta saorga, trí bhunsamhlacha intleachta saorga a chumasú lena n-urramaítear rialacha agus luachanna sonraí an Aontais.

Trí cholún atá mar struchtúr ag an Treochlár Straitéiseach seo: I gColún I tugtar aghaidh ar chomhtháthú inbhuanaithe lárionad sonraí sa chóras fuinnimh; i gColún II leagtar amach bearta chun réitigh dhigiteacha agus intleachta saorga a chur in úsáid ar fud an chórais fuinnimh; agus i gColún III tugtar aghaidh ar an ggreat rialachais sonraí is gá chun seirbhísí fuinnimh cliste agus IS ar mórscaála a chumasú. Comhlánaítear iad sin le roinn thrasearnálach maidir le hiontaoibh, cibearshlándaíl agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, scileanna agus comhar idirnáisiúnta, agus roinn chlabhsúir ina leagtar amach an chaoi a ndéanfar faireachán agus athbhreithniú ar an gcur chun feidhme.

2. Colún I – Fuinneamh le haghaidh na hIntleachta Saorga

Saináithnítear i gColún I gníomhaíochtaí sonracha lena n-áiríthítear go dtacaíonn comhtháthú inbhuanaithe lárionad sonraí sa chóras fuinnimh le slándáil an tsoláthair, le hiomaíochas agus le cuspóirí fuinnimh ghlain.

⁵ Sna Stáit Aontaithe, leis an Straitéis um an Intleacht Shaorga ([Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe, Artificial Intelligence Strategy \[Straitéis um an Intleacht Shaorga\], Deireadh Fómhair 2025](#)) agus Mísean Genesis ([The White House: Launching the Genesis mission \[An Teach Bán: Mísean Genesis a sheoladh\]](#)), meastar gur sócmhainn straitéiseach don earnáil fuinnimh i an intleacht shaorga. I bPlean Náisiúnta na Síne um Chomhtháthú IS-Fuinnimh ([The State Council: Plan on AI-energy integration \[An Chomhairle Stáit: Plean um chomhtháthú IS-fuinnimh\]](#)) agus [Forbes: China's new AI Strategy explained \[Míniú tugtha ar Straitéis nua na Síne um an Intleacht Shaorga\]](#), leagtar amach straitéis chomhordaithe chun an intleacht shaorga a leabú ar fud an chórais fuinnimh.

⁶ [Plean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga](#) (COM(2025)165)

⁷ [Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga](#) (COM(2025) 723 final)

Tá lárionaid sonraí ríthábhachtach i dtaca le hiomaíochas agus ceannasacht dhigiteach an Aontais, rud a sholáthraíonn an acmhainneacht ríomhaireachta atá mar bhonn agus mar thaca ag formhór na seirbhísí digiteacha. Is féidir leo borradh a chur faoi gheilleagair áitiúla agus slabhraí luacha digiteacha comhtháite a neartú ar fud an Aontais freisin. Is é is aidhm don Aontas a acmhainneacht lárionaid sonraí a mhéadú faoi thrí laistigh de 5-7 mbliana, chun a áirithiú go mbeidh sí ag teacht lena riachtanais.

Tá dúshlán ag baint leis na deiseanna sin. Is iad lárionaid sonraí is cúis le thart ar 2,5 % de thomhaltas leictreachais an Aontais faoi láthair, agus meastar go dtiocfaidh méadú mór ar an éileamh atá orthu ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú ar a dtuilleadh suiteáilte ó thart ar 12 GW in 2025 go thart ar 28 GW faoi 2030⁸. Tá an t-éileamh atá ann faoi láthair comhchruinnithe go geografach i líon teoranta teophointí⁹. Mar sin féin, tá méadú mór ag teacht ar iarrataí ar nascadh, agus tá acmhainneachtaí ag teastáil ó láithreáin aonair amhail láithreáin mhóra thionsclaíocha. Cuirfidh an t-éileamh breise sin leis an méadú níos leithne arna spreagadh ag leictriú an gheilleagair. D'fhéadfadh na forbairtí sin, mura ndéantar iad a bhainistiú go réamhghníomhach, an bonn a bhaint de shlándáil agus d'inhuanaitheacht an tsoláthair fuinnimh, plódú eangaí a ghéarú agus praghsanna leictreachais a ardú, go háirithe i bhfianaise chumas na lárionad sonraí dul san iomaíocht le tomhaltóirí fuinnimh eile chun rochtain a fháil ar fhuinneamh. I réigiúin áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le cineálacha cur chuige comhlántacha maidir le soláthar fuinnimh agus comhtháthú córas mar gheall ar scála agus luas an fháis réamh-mheasta ar éileamh, mar aon le hathneartú tráthúil eangaí, amhail giniúint ar an láthair, chomhshuite nó 'taobh thiar den mhéadar', a úsáidtear níos mó agus níos mó le haghaidh campais lárionad sonraí ar mórscála i réigiúin eile ar fud an domhain.

Chun **lárionaid sonraí a chomhtháthú sa chóras fuinnimh**, tá gá le bainistiú éifeachtúil na nasc leis an eangach, pleanáil agus oibriú comhordaithe eangach, solúbthacht ó thaobh an éilimh de agus soláthar inhuanaithe fuinnimh, mar shampla, trí ghiniúint chomhshuite ghlan i ngaireacht do lárionaid sonraí a rannchuidíonn le comhtháthú córas agus slándáil an tsoláthair. Tá faisnéis thráthúil de dhíth ar oibreoirí líonra maidir le forbairtí ar lárionaid sonraí chun infheistíochtaí eangaí a phleanáil agus chun naisc a bhainistiú go héifeachtúil. Tá freagracht ar an earnáil dhigiteach a áirithiú go ndéanfar í a chomhtháthú ar bhealach inhuanaithe sa chóras fuinnimh. Ina theannta sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar dhúshlán a bhaineann le huisce chun impleachtaí an naisc idir uisce agus fuinneamh a chur san áireamh go hiomlán. An plean gníomhaíochta digiteach atá ar na bacáin le haghaidh na hearnála uisce, tá coinne leis go dtacóidh sé le forbairt chomhtháthú inhuanaithe na lárionad sonraí agus go gcomhlánóidh sé an fhorbairt sin.

Déanann lárionaid sonraí intleacht as an leictreachas ar mhaithe leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí ina n-iomláine, agus d'fhéadfadh fás nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a bheith orthu sna blianta amach romhainn. I ndáil leis sin, cé gur éileamh gan fasach é éileamh ar fhuinneamh na lárionad sonraí, déantar dúshlán a bhaineann le rochtain thráthúil ar an eangach agus solúbthacht a chomhroinnt le húsáideoirí eile na heangaí. Chun go mbainfidh an tAontas tairbhe iomlán as acmhainneacht na néalríomhaireachta agus na hintleachta saorga, **tá soláthar tráthúil leictreachais agus rochtain ar an eangach de dhíth ar lárionaid sonraí.**

⁸ Staidéar: 'Cloud and AI [Néalríomhaireacht agus an Intleacht Shaorga]': Technopolis, Wavestone, Timelex, STL Partners, OpenForum Europe, KAPA Research (2025)

⁹ Timpeall Bhaile Átha Cliath, Frankfurt, Amstardam agus Pháras go háirithe, ach freisin sa Bheilg, sa Spáinn, san Iodáil, sa Pholainn agus sna réigiúin Nordacha.

Le tionscnaimh a rinne an Coimisiún le déanaí¹⁰, cuirtear bosca uirlisí ar fáil do na Ballstáit, d'údaráis rialála agus d'oibreoirí córais chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is práinní a bhaineann le rochtain ar an eangach, forbairt líonraí agus úsáid éifeachtúil eangach, ag tógáil ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana¹¹.

Breathnaítear ar mhoilleanna ar fhorbairt líonra mar phríomhchúis le **scuainí nasctha** le haghaidh úsáideoirí líonra móra amhail lárionaid sonraí. Chuir an Coimisiún forálacha ar aghaidh chun dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna faoin bpacáiste um na hEangacha Eorpacha agus iarrann sé ar údaráis rialála agus ar oibreoirí córais dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ag céim luath ina gcleachtaí pleanála líonraí chun infheistíocht oirchilleach a éascú.

Chun aghaidh a thabhairt ar an mbacainn a bhaineann le **húsáid neamhéifeachtúil na n-eangach**, ba cheart do na húdaráis rialála a áirithiú go bhfuil na dreasachtaí cearta i bhfeidhm le haghaidh oibreoirí córais agus úsáideoirí córais, go ndeantar muirir líonra go héifeachtúil agus go soláthraítear solúbthacht leo, rud a léiríonn costais na ngrúpaí úsáideoirí faoi seach. Leis an togra dlíthiúil atá ar na bacáin maidir le billí leictreachais san Aontas a sheasfaidh an aimsir, soiléireofar na prionsabail sin roimh an samhradh.

Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis rialála creat a chruthú le haghaidh **comhaontuithe solúbtha um nascadh**. I gcás ina bhfuil gá le comhaontuithe solúbtha um nascadh nó ina dtéann siad chun tairbhe don chóras fuinnimh, is féidir le lárionaid sonraí a bheith ina n-iarrthóirí maithe. Is féidir leo páirt a ghlacadh freisin i sásraí margaidh lena n-íoctar solúbthacht, amhail seirbhísí cothromúcháin nó coimhdeacha agus margáí bainistithe ar phlódú nuair a chomhlíonann siad na coinníollacha teicniúla.

Ar deireadh, **is féidir le nósanna imeachta um nascadh leis an eangach** a bheith níos éifeachtúla trí imeacht ón bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' i dtreo breithniú níos fearr a dhéanamh ar aibíocht agus ar dhul chun cinn i bhforbairt tionscadal chun a áirithiú nach gcuirfidh tionscadail amhantracha bac ar rochtain ar an eangach. Le tairseach acmhainneachta óstála eangaí uile-Aontais Capacitypedia¹², ba cheart cuidiú le lárionaid sonraí a n-iarratais ar nascadh a chur i limistéir ina bhfuil forbairt leordhóthanach nó forbairt phleanáilte ar eangacha. Tá an Coimisiún tiomanta leanúint de chur chun feidhme na Treorach ábhartha a éascú chun rochtain thráthúil ar an eangach a áirithiú do gach úsáideoir.

Tá gá le comhordú ar fud an Aontais chun dlús a chur le comhtháthú inbhuanaithe lárionad sonraí sa chóras fuinnimh. Le tionscnamh faoi stiúir an Choimisiúin, forbrófar samhail inmhacasamhlaithe le haghaidh comhaontuithe idir údaráis phoiblí, oibreoirí lárionaid sonraí agus gníomhaithe fuinnimh chun tacú le comhtháthú eangaí, soláthar fuinnimh ghlain, solúbthacht agus feidhmíocht fuinnimh níos fearr agus acmhainní uisce agus comhshaoil a chosaint. Leis an tsamhail, éascófar freisin cur chun feidhme na mbeart cothrománach maidir le rochtain inbhuanaithe ar an eangach a luaitear thuas, agus sainiúlachtaí na lárionad sonraí á gcur san áireamh go hiomlán. Chun gníomhaíocht a threorú, cuirfidh an Coimisiún feabhas freisin ar an mbonn fianaise maidir le húsáid fuinnimh lárionaid sonraí trí bhíthin uirlis mheasúnaithe agus faireacháin fhadtéarmach de chuid an Aontais, rud a chuirfidh le tuairisciú

¹⁰ Fógra ón gCoimisiún – Treoraíocht maidir le naisc eangaí éifeachtúla agus thráthúla (C/2025/8473), Fógra ón gCoimisiún maidir le Treoirlínte maidir le muirir ghréasáin, a sheasfaidh an aimsir, ar mhaithe le costais laghdaithe i dtaca leis an gcóras fuinnimh (C/2025/8574), Fógra ón gCoimisiún faoi threoir maidir le hinfeistíochtaí oirchilleacha chun líonraí leictreachais réamhbhreathnaitheacha a fhorbairt (C/2025/3291)

¹¹ Go háirithe forálacha Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas agus forálacha Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas

¹² [Capacitypedia: Pan-EU Overview on Grid Hosting Capacity Information](#) [[Capacitypedia: Forléargas Uile-Aontais ar Fhaisnéis maidir le hAcmhainneacht Óstála Eangaí](#)]

na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, le staidreamh an Aontais¹³ agus le comhar le GIF. Comhlánoidh agus éascóidh sé sin cur chun feidhme an chreata rialála, lena n-áirítear an Pacáiste um na hEangacha Eorpacha.

Gníomhaíocht shuaitheanta 1: Comhaontú múnla trípháirteach maidir le comhtháthú inbhuanaithe lárionad sonraí sa chóras fuinnimh, chun comhaontuithe áitiúla a rolladh amach idir oibreoirí lárionaid sonraí, páirtithe a bhaineann le fuinneamh agus údaráis phoiblí. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí maidir leis an méid seo a leanas a leagan síos leis an tsamhail: soláthar feabhsaithe faisnéise le haghaidh pleanáil eangaí níos fearr, bonn eolais níos fearr a chur faoin gcinnteoireacht maidir le suí tionscadail an lárionaid sonraí is fearr, trédhearcacht na n-iarrataí ar nascadh leis an eangach a mhéadú (lena n-áirítear an prionsabal 'úsáid é nó caill é' chun áirithintí amhantracha a sheachaint sa scuaine), úsáid fheabhsaithe comhaontuithe ceannaigh cumhachta¹⁴ agus giniúint bhreise fuinnimh ghlain a sholáthar, réitigh a sholáthar le haghaidh sholúbthacht an lárionaid sonraí (trí ionstraimí margadhbhunaithe agus leas a bhaint as an gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm), tacú le haisghabháil agus úsáid dramhtheasa agus feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, leas a bhaint as comhaontuithe solúbtha um nascadh mar bhealach chun rochtain a fháil ar na heangacha i gcás inar gá. Is féidir an tsamhail a oiriúnú agus a phiolótú ina dhiaidh sin sna Ballstáit agus sna réigiúin. Tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le huisce i gcomhréir le forbairt scéim rátála an Aontais le haghaidh lárionaid sonraí.

Uainiú: Glacfar dearbhú intinne ina luafar toilteanas pháirtithe leasmhara an tionscail comhoibriú faoi chuimsiú comhaontú trípháirteach, agus lena sainaitheofar na príomhréimsí dá gcuid gníomhaíochta, in éineacht leis an Treochlár Straitéiseach seo; foilseofar an comhaontú múnla trípháirteach agus cuirfear chun cinn é sa dara leath de 2026. Ina theannta sin, agus más gá, breithneoidh an Coimisiún togra reachtach a chur ar aghaidh chun comhtháthú inbhuanaithe lárionad sonraí i gcóras fuinnimh an Aontais a áirithiú.

Na tionchair a mheastar a bheidh ann: comhordú feabhsaithe idir údaráis phoiblí, oibreoirí lárionaid sonraí, oibreoirí córais leictreachais agus páirtithe leasmhara ábhartha eile; comhtháthú eangaí níos tapúla agus níos inbhuanaithe lárionad sonraí; glacadh níos mó le foinsiú fuinnimh ghlain agus réitigh sholúbthachta; feidhmíocht fuinnimh níos fearr; praghsanna fuinnimh níos ísle; agus creat níos comhsheasmhaí ach níos inoiriúnaithe ó Bhallstát go chéile. Sineirgí uasmhéadaithe le téamh ceantair.

Chun fás an bhonneagair dhigitigh a ailíniú le spriocanna comhshaoil, aeráide agus fuinnimh, ní mór do lárionaid sonraí a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, éifeachtúlacht acmhainní agus solúbthacht. Mar fhreagairt air sin, glacfaidh an Coimisiún **Pacáiste um Éifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí**, lena n-áirítear tuarascáil maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh lárionad sonraí, Gníomh Tarmligthe lena mbunaítear scéim rátála de chuid an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht lárionad sonraí, agus seoladh comhairliúcháin phoiblí le haghaidh íoschaighdeáin feidhmíochta do lárionaid sonraí nua agus do lárionaid sonraí atá ann cheana san Aontas. Leis an Tionscnamh um Cheannaireacht Néalríomhaireachta agus Intleachta Saorga faoin nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, tacófar leis na lárionaid sonraí is fearr atá ar fáil a chur in úsáid ar fud an Aontais agus spreagfar an cur in úsáid sin.

¹³ Bailítear staidreamh Eorpach, lena n-áirítear sonraí maidir le tomhaltas fuinnimh i lárionaid sonraí, de réir fhorálacha Rialachán (CE) 1099/2008.

¹⁴ I gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus comhaontuithe ceannaigh fuinnimh eile (Moladh (AE) 2026/917 ón gCoimisiún).

Gníomhaíocht shuaitheanta 2: Scéim rátála de chuid an Aontais le haghaidh lárionaid sonraí lena gcumhdaítear éifeachtúlacht fuinnimh, éifeachtúlacht uisce, úsáid fuinnimh ghlain, athúsáid agus solúbthacht dramhtheasa¹⁵ agus an próiseas le haghaidh íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh an Aontais a sheoladh.

Uainiú: scéim rátála glactha in 2026; na chéad lipéid in 2027; measúnú ar riachtanais maidir le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh an Aontais faoi 2027.

Na tionchair a mheastar a bheidh ann: trédhearcaight mhéadaithe agus cur chun cinn fhorbairt inbhuanaithe na lárionad sonraí; ídiú fuinnimh agus uisce réamh-mheasta optamaithe.

3. Colún II – An tAistriú Digiteach agus an Intleacht Shaorga le haghaidh an chórais fuinnimh

Sainnithnítear i gColún II gníomhaíochtaí sonracha chun an córas fuinnimh a dhéanamh níos cliste agus níos sonraíbhunaithe trí réitigh dhigiteacha agus intleachta saorga a chur chun feidhme.

De réir mar a théann an earnáil fuinnimh chun cinn i dtreo an leictirthe agus an dícharbónaithe, tá eangacha leictreachais ag teacht chun bheith ina gnámh droma ag córas fuinnimh comhtháite athléimneach. Mar a cuireadh i dtábhacht sa Phacáiste um na hEangacha Eorpacha, **ní mór eangacha a bheith níos cliste agus níos láidre**, ach ní mór iad a bheith níos athléimní freisin i leith teagmhais aeráide agus teagmhais fhoircneacha, agus leas á bhaint as sonraí geospásúla agus as an intleacht shaorga chun rioscaí tubaiste nádúrtha a mhaolú. Le heangacha cliste, soláthraítear an infheictheacht fíor-ama, an idir-inoibritheacht agus an rialú is gá chun glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú agus chun oibriú an chórais fuinnimh a optamú, agus tairbhe á baint as an intleacht shaorga. Is príomhchumasóir iad na córais méadráithe chliste don fhreagairt don éileamh agus do chonarthaí leictreachais praghsála dinimiciúla, ar féidir leo rannchuidiú le feabhas a chur ar úsáid an bhonneagair líonra leictreachais atá ann cheana, lena n-áirítear trí chiorrú an fhuinnimh in-athnuaite a laghdú agus tríd an leictriú a éascú.

Is féidir le heangacha cliste costais a laghdú trí úsáid níos fearr a bhaint as na sócmhainní atá ann cheana agus as fuinneamh in-athnuaite. Cuireann siad feabhas ar inacmhainneacht agus athléimneacht trí bhainistiú níos fearr a dhéanamh ar an eangach agus tacaíonn siad le comhtháthú an chórais trí sholúbthacht a scaoileadh ar fud an éilimh, na giniúna, na stórála, an téimh agus na soghluaisteachta. Mar shampla, léiríonn an líonra roinnte gluaisteáin ‘ó fheithicil go heangach’ in Utrecht conas is féidir le feithicilí leictreacha barrachas grianfhuinnimh a stóráil agus é a thabhairt ar ais don eangach ag buaicuireanta, rud a thacaíonn le cobhsaíocht eangaí agus a laghdaíonn an ciorrúchán¹⁶. Is féidir le luchtú cliste agus déthreoch coigilteas mór a ghiniúint le haghaidh tomhaltóirí freisin (idir EUR 450 agus EUR 2 900 in aghaidh na bliana)¹⁷. Sampla eile is ea calafoirt, inar féidir le heangacha cliste cuidiú leis an éileamh ard leictreachais ar sholáthar cumhachta cois cladaigh do shoithí a bhainistiú, agus d’fhéadfaidís seirbhís solúbthachta breise a chumasú¹⁸.

¹⁵ Airteagail 12 agus 33 de Threoir (AE) 2023/1791 maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, ag cur leis an scéim tuairiscithe atá ann cheana le haghaidh lárionaid sonraí a tugadh isteach in 2024 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1364 ón gCoimisiún

¹⁶ [Utrecht becomes Europe’s first city with a V2G electric car-sharing service](#) [Is é Utrecht an chéad chathair san Eoraip ina bhfuil seirbhís roinnte gluaisteáin leictirigh ‘ó fheithicil go heangach’]

¹⁷ [Plugging into potential: unleashing the untapped flexibility of EVs](#) [Acmhainneacht a mhéadú: leas a bhaint as solúbthacht neamhshaothraithe feithicilí leictreacha], Eurelectric, 2025

¹⁸ [Samhail tráchtála leictreachais calafoirt \(treoirthionscadal\) Port electricity commercial model \(project pilot\) - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh](#)

Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh in eangacha Eorpacha níos láidre agus níos cliste¹⁹. Mar sin féin, tá bac fós ar an dul chun cinn mar gheall ar chleachtais rialála agus phleanála atá fabhrach do leathnú traidisiúnta na heangaí thar réitigh chliste, cineálacha cur chuige ilroinnte i leith an aistrithe dhigitigh ar fud an Aontais, agus éiginnteacht maidir le feidhmíocht teicneolaíochtaí nua.

Thug creat an Aontais aghaidh ar roinnt de na bacainní sin cheana féin, le tacaíocht le haghaidh infheistíocht níos mó in eangacha cliste trí dhearadh an mhargaidh leictreachais²⁰, tríd an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha agus trí chistiú taighde ón Aontas. Go háirithe, cuireadh tograí chun cinn sa Phacáiste um na hEangacha Eorpacha²¹ **chun réitigh nach bhfuil bunaithe ar shreangacha agus réitigh dhigiteacha a chur chun cinn** i bpleanáil líonraí, agus tá Fís Eorpach ag tacú leis an nuálaíocht i gcórais fuinnimh, in eangacha agus i stóráil²².

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'eangacha níos cliste a chur in úsáid, molfaidh an Coimisiún reachtaíocht maidir le billí leictreachais an Aontais a sheasfaidh an aimsir, lena n-áirítear forálacha chun úsáid níos éifeachtúla a bhaint as sócmhainní eangaí atá ann faoi láthair trí réitigh chliste agus dhigiteacha a úsáid. Leis an togra, tugtar sainordú don Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) moladh a sholáthar d'údaráis rialála maidir le táscairí eangaí cliste a úsáid chun glacadh agus feidhmíocht teicneolaíochtaí nuálacha agus réiteach digiteach i líonraí tarchurtha agus dáileacháin a thomhas. Cuirfidh an moladh leis an obair leanúnach sa réimse sin. Socróidh na húdaráis rialála táscairí feidhmíochta ansin le haghaidh oibriú agus fhorbairt éifeachtúil na heangaí. Déanfaidh ACER faireachán ar an dul chun cinn, sainaitheoidh sé dea-chleachtais agus molfaidh sé bearta breise de réir mar is gá. Ba cheart do na táscairí sin tacú freisin le teicneolaíochtaí feabhsaithe eangaí a chur in úsáid, lena n-áirítear acmhainneacht líonra a mhéadú suas le 40 % agus gnáthchostais leathnaithe eangaí a laghdú suas le 35 %²³.

Chun dlús a chur leis an geur chun feidhme, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d'oibreoírí córas tarchurtha agus dáileacháin chun réitigh leathchúpla dhigitigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm²⁴, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt dóibh trí bhosca uirlisí tiomnaithe chun feabhas a chur ar idir-inoibritheacht, ar scála agus ar ghlacadh praiticiúil. An tráth céanna, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don nuálaíocht i gcórais chliste fuinnimh tríd an gclár Fís Eorpach, lena n-áirítear cistiú le haghaidh ardréitigh eangaí leictreachais²⁵.

Braitheann úsáid éifeachtúil an líonra leictreachais ar infhaighteacht sonraí tomhaltais cruinne agus gráinneacha agus ar chumas na gcustaiméirí deiridh rochtain a fháil ar na sonraí sin agus gníomhú ina leith. Is príomhchumasóir iad na córais méadráithe chliste don fhreagairt don éileamh agus do chonarthaí leictreachais praghsála dinimiciúla, ar féidir leo rannchuidiú le feabhas a chur ar úsáid an bhonneagair líonra leictreachais atá ann cheana, lena n-áirítear trí chiorrú an fhuinnimh in-athnuaite a laghdú agus tríd an leictriú a éascú. I bhfianaise a riachtanaí atá sé go rannchuideodh na Ballstáit uile le clisteacht an chórais leictreachais, **deanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun dlús a chur le rolladh amach méadar cliste**

¹⁹ [Ba cheart níos mó ná EUR 1.2 trilliún a infheistiú thar an tréimhse 2024-2040](#), agus as an tsuim sin, tá EUR 730 billiún beartaithe le haghaidh eangacha dáileacháin agus tá EUR 430 billiún beartaithe le haghaidh eangacha tarchurtha.

²⁰ Treoir (AE) 2024/1747 agus Rialachán (AE) 2024/1711.

²¹ Go sonrach, sa Togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán GTE-F

²² Idir 2021–2027, tá thart ar EUR 1 bhilliún curtha in áirithe do chórais fuinnimh, d'eangacha agus do stóráil.

²³ Staidéar CurrENT: [Prospects for innovative power grid technologies](#) [Ionchais maidir le teicneolaíochtaí nuálacha eangaí cumhachta], 2024.

²⁴ Shainaithin ENTSO-E agus Eintéas AE do OCDanna dúshláin, deiseanna agus cásanna úsáide coitinne le haghaidh réitigh leathchúpla dhigitigh in eangacha an Aontais, lena n-éilítear cur chuige comhoibrioch straitéiseach maidir le cur chun feidhme.

²⁵ Le clár oibre 2026-2027 leithdháiltear thart ar EUR 90 milliún ar ardréitigh le haghaidh eangacha leictreachais.

san Aontas, agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht tomhaltóirí a neartú, solúbthacht ar thaobh an éilimh a chumasú agus tacú le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as an gcóras leictreachais.

Gníomhaíocht shuaitheanta 3: Príomhtháscairí feidhmíochta an Aontais a fhorbairt le haghaidh eangacha cliste agus dlús a chur le rolladh amach méadar cliste

Uainiú: Catalóg de tháscairí an Aontais le tabhairt chun críche faoi lár 2026. Togra reachtach in 2026 chun dlús a chur le rolladh amach méadar cliste san Aontas, arb é is aidhm dó cumhdach íosta a bhaint amach i ngach Ballstát, agus é a chur de chúram ar ACER moladh a sholáthar maidir le táscairí eangaí cliste in 2028 agus faireachán rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn ina dhiaidh sin.

Na tionchair a mheastar a bheidh ann: cinntí infheistíochta feabhsaithe a bheith déanta i leith eangacha cliste agus digitithe, úsáid níos éifeachtúla a bheith bainte as na heangacha atá ann cheana, formhaoirseacht rialála neartaithe a bheith déanta ag na hÚdaráis Rialála Náisiúnta, réitigh chliste agus dhigiteacha a bheith curtha chun feidhme ar bhealach níos costéifeachtúla, agus dlús a bheith curtha le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh, leictirthe, athléimneachta agus éifeachtúlachta fuinnimh ar fud na hEorpa.

Tá an intleacht shaorga ag scaipeadh go tapa ar fud an chórais fuinnimh de réir mar a éiríonn sócmhainní, próisis agus margaí níos digití. Mar sin féin, ní leor gníomhaithe aonair a dhigitiú: ní bhainfear acmhainneacht iomlán córais fuinnimh atá cumhachtaithe ag an intleacht shaorga amach ach amháin trí réitigh intleachta saorga a chur in úsáid **ar fud an tslabhra luacha fuinnimh ina iomláine**, ó sholáthar agus giniúint in-athnuaite go tionsclaíocht, foirgnimh agus soghluaisteacht.

Ós rud é go bhfuil rás domhanda intleachta saorga ar siúl²⁶, ní mór don Aontas a neart san uathoibriú tionsclaíoch²⁷ a threisiú chun **samhlacha intleachta saorga ceannasacha slána a thógáil le haghaidh na hearnála fuinnimh**, ar samhlacha iad a bheidh oilte ar shonraí Eorpacha agus a fhorbróidh gnólachtaí an Aontais, agus ní mór don Eoraip a bheith ar thús cadhnaíochta freisin sa chéad rabharta eile de theicneolaíochtaí digiteacha fuinnimh. In earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach amhail fuinneamh ag baint léi, is faoi cheannasacht theicneolaíoch an Aontais atá sé samhlacha nua intleachta saorga a fhorbairt agus a bhainistiú san Aontas. Chun cur leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, agus an Straitéis um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht, tacóidh an Coimisiún le **forbairt bunsamhlacha intleachta saorga le haghaidh bainistiú agus pleanáil eangaí** a bheidh mar chnámh droma digiteach le haghaidh an chórais fuinnimh.

Ach oiliúint a chur ar shamhlacha intleachta saorga le tacair mhóra sonraí éagsúla, lena n-áirítear sonraí um fhaire na cruinne (ó Mhol Fuinnimh Copernicus, cuir i gcás), agus iad a mhionchoigeartú le haghaidh cásanna úsáide sonracha, d'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar fheidhmeanna eangacha²⁸ amhail réamhaisnéis, bainistiú ar phlódú, brath lochtanna agus pleanáil infheistíochta lena neartófaí iomaíochas na hearnála.

²⁶ Cuireann an tOllamh Draghi i dtábhacht gur tháirg na Stáit Aontaithe daichead samhail intleachta saorga shuntasach in 2024, gur tháirg an tSín cúig cinn déag, agus nár tháirg an tAontas ach trí cinn.

²⁷ [IEA - Energy and AI, World Energy Outlook Special Report, 2025 \[GIF - Fuinneamh agus an Intleacht Shaorga, Tuarascáil Speisialta maidir le hIonchas Fuinnimh Domhanda, 2025\]](#)

²⁸ D'fhéadfadh oibriochtaí IS-bhunaithe agus optamú cothabhála suas le \$ 110 billiún in aghaidh na bliana a choigilt faoi 2035 i gcostais bhreosla agus costais oibriochtúla agus chothabhála de réir chás GIF maidir le glacadh forleathan na intleachta saorga (2025), [Energy and AI \[Fuinneamh agus an Intleacht Shaorga\]](#), GIF, Páras

Lasmuigh d’eangacha, is féidir leis an intleacht shaorga feabhas a chur ar rialú gléasraí in-athnuaite agus ciorrúchán a laghdú, sábháilteacht agus éifeachtúlacht núicléach a neartú²⁹, agus tacú le pleanáil athchóirithe le haghaidh foirgneamh agus teaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de³⁰. I gcomhréir leis an bPacáiste um na hEangacha, tacóidh an Coimisiún le huirlisí intleachta saorga foinse oscailte a fhorbairt chun bunú tairseacha digiteacha aonair ar an leibhéal náisiúnta a éascú, ar tairseacha iad lena gcuirtear dlús le nósanna imeachta um dheonú ceadanna.

Le haghaidh 2026–2027, **soláthróidh an clár Fís Eorpach thart ar EUR 75 mhiliún do theicneolaíochtaí intleachta saorga** san fhuinneamh, go háirithe le haghaidh eangacha, féintomhaltais, comhroinnt fuinnimh agus stóráil ar scála eangaí, chomh maith le EUR 190 milliún breise le haghaidh réitigh dhigiteacha níos leithne maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh, athchóiriú foirgneamh agus éifeachtúlacht fuinnimh. I gcomhréir leis an straitéis maidir le hÉiceachórais Dhigiteacha Oscailte Eorpacha, tacóidh an Coimisiún le cineálacha cur chuige ‘foinse oscailte’ i nglaoanna taighde agus nuálaíochta an Aontais. An tráth céanna, is féidir le nuálaithe, gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus taighdeoirí an Aontais leas a bhaint as ionstraimí comhlántacha ar fud an tslabhra nuálaíochta, lena n-áirítear Monarchana IS, Lárionaid Taithí Eorpacha don IS agus an acmhainn um thaighde IS san Aontas Eorpach (ATISAE)³¹ le haghaidh rochtain ar ríomhaireacht, sonraí, líonraí agus cistiú chun dul chun cinn eolaíoch atá bunaithe ar an intleacht shaorga a chur chun cinn, chomh maith leis an gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú³² chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i ngnólachtaí teicneolaíochtaí straitéiseacha atá ag méadú agus chun an bhearna le ceannairí domhanda a dhúnadh.

Gníomhaíocht shuaitheanta 4: Samhlacha intleachta saorga a fhorbairt ar fud an tslabhra luacha fuinnimh

Uainiú:

- Sínítear comhaontú tionscadail lena seoltar Comhphobal Cleachtais chun samhlacha IS a fhorbairt le haghaidh bainistiú agus pleanáil eangaí in éineacht leis an Treochlár Straitéiseach seo; osclófar glaonna tiomnaithe Fís Eorpach in 2026 (EUR 30 milliún) agus 2027 (EUR 20 milliún); déanfar samhlacha intleachta saorga cruthúnais coincheapa a fhorbairt agus a thástáil in R1 2027; na chéad samhlacha oibríochtúla faoi dheireadh 2027.
- Tairseacha digiteacha a fhorbairt le haghaidh na mBallstát, agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí intleachta saorga giniúnaí chun an t-athbhreithniú ar mhaithe le heisiúint ceadanna a chuíchóiriú le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite, stórála agus eangaí; dearadh in 2027; rolladh amach in 2028 le gur féidir le húdaráis phoiblí iad a úsáid.

Na tionchair a mheastar a bheidh ann: feabhas a bheith curtha ar inbhreathnaitheacht eangaí, réamhaisnéis, bainistiú ar phlódú agus comhtháthú solúbthachta; rochtain níos éasca

²⁹ Is féidir leis an intleacht shaorga sábháilteacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú trí chothabháil thuarthach, trí aimhrialtachtaí a bhrath agus trí ardsamhaltú.

³⁰ Maidir le foirgnimh agus comharsanachtaí, is féidir oiliúint a chur ar an intleacht shaorga maidir le sonraí ón bhFaireachlann Eorpach um Stoc Foirgneamh nó maidir le sonraí ábhartha Copernicus um Fhaire na Cruinne chun tacú le pleanáil athchóirithe, go háirithe le haghaidh teaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de. Measann IEA go bhféadfadh úsáid IS i gcórais bainistithe fuinnimh foirgneamh thart ar 300 TWh a shábháil in aghaidh na bliana ar fud an domhain faoi 2035.

³¹ ATISAE: Acmhainn um thaighde IS san Aontas Eorpach, institiúid taighde fhíoriúil le haghaidh thaighde an Aontais a bhaineann leis an intleacht shaorga agus a dhéantar leis an intleacht shaorga

³² Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú, ciste ilbhiliún fáis ag céim dhéanach arb é is aidhm dó infheistíocht a dhéanamh sna cuideachtaí Eorpacha is mó a bhfuil gealladh fúthu

a bheith curtha ar uirlisí digiteacha a chuidíonn le teaghlaigh tomhaltas a rialú, agus rannpháirtíocht níos cuimsithí i scéimeanna uath-ídithe leictreachais agus comhroinnte fuinnimh, feabhas a bheith curtha ar bhonn fianaise le haghaidh gníomhaíocht phoiblí trí shonraí stoic foirgneamh agus feidhmíochta níos fearr; dlús a bheith curtha le húsáid fuinnimh in-athnuaite, stórála agus eangaí trí cheadú níos tapúla agus níos trédhearcaí.

4. Colún III – Sonraí le haghaidh na hIntleachta Saorga an chórais fuinnimh

Tá **malartú éifeachtach sonraí fuinnimh agus idir-inoibritheacht éifeachtach sonraí fuinnimh** rithábachtach chun seirbhísí fuinnimh cliste a chumasú agus chun samhlacha láidre intleachta saorga a fhorbairt. Sainaitnítear i gColún III gníomhaíochtaí nithiúla chun creat cuimsitheach a bhunú le haghaidh malartú sonraí agus idir-inoibritheacht sonraí, lena n-áirítear éiceachóras rianúil digiteach fuinnimh.

Soláthraíonn an creat dlíthiúil atá ann cheana³³ bloic thógála thábhachtacha le haghaidh malartú sonraí fuinnimh, ach tá sé fós ilroinnte³⁴. Cumhdaítear **úsáid phríomhúil sonraí fuinnimh** cheana féin le creat dlíthiúil an Aontais, is é sin le rá na malartuithe sonraí oibríochtúla idir gníomhaithe sainaitheanta le haghaidh seirbhísí amhail méadrú, billeáil, athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile, freagairt don éileamh agus oibriú eangaí. Mar sin féin, tá éagsúlachtaí móra ann ó thaobh cur chun feidhme ó Bhallstát go chéile, rud a chruthaíonn castacht, éiginnteacht dhlíthiúil agus bacainní ar sheirbhísí fuinnimh cliste trasteorann. Thairis sin, le reachtaíocht chothrománach amhail an Gníomh um Shonraí, cé go soláthraítear prionsabail léi maidir le rochtain ar shonraí ó tháirgí nasctha, ní thugtar aghaidh go hiomlán ar shainiúlachtaí sonraí fuinnimh rialáilte agus eintiteas rialáilte. Mar thoradh air sin, is minic a dhéanann soláthraithe seirbhísí freagartha don éileamh nó seirbhísí luchtaithe feithiclí leictreacha cliste comhéadain bogearraí a athdhearadh agus nósanna imeachta rochtana ar shonraí a athchaibidlíú maidir le gach margadh náisiúnta, rud a chuireann bac ar fhás trasteorann seirbhísí fuinnimh cliste.

An tráth céanna, an creat le haghaidh **úsáid thánaisteach sonraí fuinnimh**, is é sin sonraí fuinnimh a athúsáid agus a chomhthiomsú thar a gcuspóir oibríochtúil bunaidh, mar shampla le haghaidh taighde, anailísíochta nó forbairt samhlacha intleachta saorga, níl an creat sin chomh forbartha céanna. Bíonn tacair sonraí phoiblí ilroinnte nó teoranta ó thaobh ardanailísíochta de fós. Cé go soláthraítear coimircí le reachtaíocht chothrománach maidir le cosaint sonraí agus cibearshlándaíl, níl aon chreat soiléir earnáilsonrach ann le haghaidh comhthiomsú struchtúrtha sonraí fuinnimh ná úsáid na samhlacha intleachta saorga. Mar thoradh air sin, is minic a bhíonn drogall ar chuideachtaí fuinnimh nó ar oibreoírí eangaí sonraí mionsonraithe a chomhroinnt chun críoch taighde nó chun oiliúint a chur ar shamhlacha intleachta saorga. Dá bharr sin, bíonn forbairt na hintleachta saorga níos moille mar gheall ar thacair sonraí teoranta nó shintéiseacha.

Is é an príomhdhúshlán nach ann do chur chuige comhleanúnach de chuid an Aontais maidir le malartú iontaofa trasteorann sonraí fuinnimh. Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin,

³³ Amhail Rialachán (AE) 2023/2854 maidir leis an nGníomh um Shonraí; Treoir (AE) 2019/944 maidir le Leictreachas; Rialachán (AE) 2019/943 maidir le Leictreachas; an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (AE) 2024/1275; Treoir (AE) 2018/2001 maidir le fuinneamh in-athnuaite; Rialachán (AE) 2023/1804 maidir le bonnagar breoslaí malartacha agus gníomhartha cur chun feidhme gaolmhara

³⁴ ‘Rochtain teoranta ar shonraí ardcháilíochta’, ‘Easpa idir-inoibritheachta sonraí’, ‘Cibearshlándaíl agus, i gcás inarb infheidhme, príobháideachas’, sin iad na nithe a sainaitníodh, le linn an chomhairliúcháin phoiblí oscailte i dtaca leis an treochlár straitéiseach, mar na príomhbhacainní ar réitigh chliste agus intleachta saorga a chur in úsáid san fhuinneamh.; [Operational Conclusions and Key Takeaways \[Conclúidí Oibríochtúla agus Príomhthorthaí\]](#). An tríú cruinniú comhpháirteach de D4E, STF agus CoW, Beirlín, 4-5 Samhain 2025

chun tacú le seirbhísí fuinnimh cliste trasteorann agus chun intleacht shaorga cheannasach a chothú, **comhordóidh an Coimisiún gníomhaíochtaí chun malartú sonraí fuinneamhshonracha a chuíchóiriú agus a shimpliú le haghaidh úsáid phríomhúil agus thánaisteach sonraí fuinnimh araon** i gcomhréir leis an Omnibus Digiteach, an Gníomh um Shonraí, na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, na Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití, agus creat sonraí cothrománach níos leithne an Aontais³⁵.

Is é an cuspóir atá ann malartú sonraí fuinnimh trasteorann a dhéanamh níos simplí, níos éifeachtúla agus níos intuairthe trí chomhéadain choiteanna a sholáthar agus rialacha agus seirbhísí iontaoibhe a chomhchuíbhíú ar leibhéal an Aontais.

Maidir le húsáid phríomhúil sonraí fuinnimh, is é an príomhthosaíocht a bheidh ann idir-inoibritheacht sonraí trasteorann a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin tacú le seirbhísí fuinnimh cliste amhaíl solúbthacht ar thaobh an éilimh agus luchtú déthreoch feithiclí leictreacha, agus comhordú á dhéanamh an tráth céanna ar na Ballstáit maidir le moil sonraí náisiúnta idir-inoibritheacha a fhorbairt. Is féidir le malartú níos fearr sonraí fuinnimh cuidiú le solúbthacht ó fheithiclí leictreacha, teaschaidéil, ceallraí agus éileamh inrialaithe a ghníomhachtú, agus d'fhéadfadh réitigh atá cumasaithe go digiteach thart ar 230 GW de sholúbthacht a scaoileadh faoi 2030 agus costais chórais do thomhaltóirí a laghdú. Cuirfidh an obair leis an **tacar tábhachtach moltaí a comhaontaíodh ar leibhéal an Aontais idir páirtithe leasmhara san earnáil fuinnimh agus san earnáil leictrea-shoghluaisteachta** maidir le malartú sonraí le haghaidh seirbhísí fuinnimh cliste a foilsíodh an 20 Bealtaine³⁶, chomh maith leis na treoirthionscadail is tábhachtaí³⁷.

Maidir le húsáid thánaisteach sonraí fuinnimh, díreofar ar chomhthiomsú sonraí fuinnimh a éascú chun oiliúint a chur ar shamhlacha intleachta saorga agus chun críoch leasa poiblí agus taighde, ar chreataí iontaoibhe a bhunú le haghaidh na hintleachta saorga san fhuinneamh agus ar bhoscaí gainimh rialála a fhorbairt ag tógáil ar thorthaí tionscadal leanúnach³⁸ agus don Chomhphobal cleachtas chun bunsamhlacha intleachta saorga a fhorbairt le haghaidh eangacha cumhachta. Ina theannta sin, leis an togra dlíthiúil atá ar na bacáin maidir le billí leictreachais san Aontas a sheasfaidh an aimsir, soláthrófar dreasacht rialála d'oibreoirí eangai comhoibriú chun na críche sin agus creat le haghaidh úsáid thánaisteach earnáilsonrach sonraí fuinnimh.

Gníomhaíocht shuaitheanta 5: Creat de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh malartú trasteorann simplithe sonraí fuinnimh le haghaidh seirbhísí fuinnimh cliste agus oiliúint samhlacha intleachta saorga

Uainiú: measúnú in 2026; forbairt ó 2027 ar aghaidh.

Na tionchair a mheastar a bheidh ann: ilroinnt a bheith laghdaithe i malartú sonraí fuinnimh; seirbhísí fuinnimh cliste trasteorann a bheith cumasaithe ar scála; feabhas a bheith curtha ar sholúbthacht eangai agus ar chomhtháthú in-athnuaite; nuálaíocht agus samhlacha nua gnó;

³⁵ Mar shampla, déanfaidh sé na cumais shlána sainaitheanta, fiordheimhnithe agus malartaithe sonraí arna soláthar ag Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa agus ag Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití a ghíaráil, lena n-áiríteofar go mbeidh saoránaigh in ann rochtain shlán éifeachtúil a fháil ar a gcuid sonraí a bhaineann leis an bhfuinneamh agus iad a bhainistiú, agus smacht á choinneáil an tráth céanna ar a bhfaisnéis phearsanta agus íogair.

³⁶ [Malartú sonraí le haghaidh solúbthacht ar thaobh an éilimh agus luchtú cliste agus déthreoch](#) arna ullmhú go comhpháirteach ag trí ghrúpa saineolaithe, is iad sin an foghrúpa 'Data4Energy' den Ghrúpa Saineolaithe um an bhFuinneamh Cliste, an Fóram um Iompar Inbhuanaithe agus Comhghuaillíocht na dTiortha Toilteanacha maidir le Luchtú Déthreoch

³⁷ Tá ardeicneolaíochtaí spáis sonraí ag cúig thionscadal de chuid Fís Eorpach ([EDDIE](#), [Enershare](#), [Data Cellar](#), [Synergies](#), agus [Omega-X](#)), atá á gcur in úsáid faoi láthair in 16 Bhallstát trí [INSIEME](#), tionscadal cur in úsáid arna chistiú ag an Eoraip Dhigiteach

³⁸ Tá Saoráidí Tástála agus Turgnamhaíochta píolótacha idir lámha ag trí thionscadal de chuid Fís Eorpach ([EnerTEF](#), [AI-Effect](#), agus [EnergyGuard](#))

córas fuinnimh de chuid an Aontais atá níos éifeachtúla, níos comhtháite agus níos iomaíche; agus margadh aonair seirbhísí fuinnimh cliste atá inscálaithe ar fud an Aontais.

5. An nasc idir an fuinneamh agus an intleacht shaorga a dhaingniú: iontaoibh, tallann agus comhar domhanda

Trí theicneolaíochtaí digiteacha agus an intleacht shaorga a chomhtháthú i mbonneagar criticiúil fuinnimh, is féidir feabhas a chur ar fheidhmíocht, ach méadaíonn sé sin **rioscaí sábháilteachta, chomh maith le rioscaí hibrideacha agus cibearshlándála** freisin. I gcomhréir le Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta agus ag cur le saineolas na hearnála mótarfheithiclí agus eitlíochta, beidh grúpa Eorpach um an gclaohclú ar mhaithe le húsáid shábháilte IS san earnáil fuinnimh ag díriú ar thrédhearcacht, inmhintheacht agus formhaoirseacht dhaonna tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- sábháilteacht fuinnimh na hintleachta saorga a chur chun cinn mar dhisciplín ar leibhéal an chórais agus cuidiú lena áirithiú nach gcruithídh an intleacht shaorga rioscaí sistémacha le haghaidh bonneagar criticiúil fuinnimh, agus dul i ngleic le bagairtí hibrideacha;
- tacú le malartuithe maidir le teagmhais, ceachtanna a foghlaimíodh, dea-chleachtais, agus maolú riosca bunaithe ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga;
- faireachán a dhéanamh ar chásanna úsáide ardriosca intleachta saorga i mbonneagair chriticiúla fuinnimh.

Oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun boscaí gainimh rialála intleachta saorga a bhunú maidir le tástáil agus bailíochtú feidhmchlár intleachta saorga fuinnimh chun nuálaíocht a chothú agus chun cur le foghlaim rialála fhianaisebhunaithe maidir le córais intleachta saorga ardriosca, sin agus eiseoidh sé treoraíocht maidir le córais intleachta saorga ardriosca i gcomhréir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Thairis sin, cuirfidh an Coimisiún chun cinn uirlisí ceannasacha atá cumasaithe leis an Intleacht Shaorga chun leochaileachtaí a bhrath, faireachán leanúnach a dhéanamh, aimhrialtachtaí a bhrath agus freagairt uathoibríthe a thabhairt ar theagmhais, i gcomhréir le creat cibearshlándála níos leithne an Aontais.

An tráth céanna, i ngeall ar leictriú méadaitheach, méadú ar an aistriú digiteach agus nascacht mhéadaitheach na hearnála fuinnimh, tá sí neamhchosanta ar bhagairtí cibearshlándála³⁹. Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú⁴⁰, sainiúitear sé réimse ardriosca ina bhféadfaí beart a dhéanamh láithreach. Tá roinnt de na gníomhaíochtaí tosaíochta sainaitheanta nasctha go díreach leis an earnáil fuinnimh agus áirítear leo rioscaí a eascraíonn as spleáchais straitéiseacha, rochtain neamhúdaráithe ar fhaisnéis íogair nó suaitheadh ar bhonneagar straitéiseach. Tá bonneagair giniúna cumhachta gréine agus gaoithe tagtha chun cinn mar ábhar tosaíochta cibearshlándála laistigh de na catagóirí sin, agus tá rioscaí arda ann lena n-áirítear ionramháil nó cosc ar tháirgeadh leictreachais, rochtain neamhúdaráithe ar shonraí oibríochtúla, insíothlú príomhghníomhaithe sa slabhra soláthair agus an fhéidearthacht lándorchú a spreagadh go cianda.

Chun freagairt a thabhairt ar na rioscaí sin, tá measúnú sistémach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar rioscaí sna réimsí tosaíochta sin, lena n-áirítear suiteálacha gréine agus gaoithe san Aontas freisin, agus le déanaí chuir sé srian le húsáid chistí an Aontais le haghaidh tionscadail lena mbaineann inbhéartóirí ó sholáthróirí ardriosca. Leis an togra nua le haghaidh Gníomh um Chibearshlándáil, soláthraítear an creat chun cosc a chur ar úsáid inbhéartóirí ó

³⁹ [De réir GIF](#), rinneadh níos mó ná 1 500 ionsaí in aghaidh na seachtaine ar fhóntas fuinnimh in 2024, trí oiread an lín ionsaithe a rinneadh in 2020.

⁴⁰ Teachtaireacht chomhpháirteach maidir le slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú (JOIN(2025) 977 final)

sholáthróirí ardriosca san Aontas, más gá. Ar deireadh, déanfaidh an tAontas athbhreithniú ar an gcreat maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh, agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin bearta nua chun rioscaí cibearshlándála i ngairis chriticiúla fuinnimh a shainaithint agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

Ós rud é go bhfuil an tslándáil fuinnimh ag brath ar bhonn níos minice ar **shlabhraí soláthair athléimneacha** agus ar chibearshlándáil comhpháirteanna aonair, cuimsítear san athbhreithniú atá beartaithe ag an gCoimisiún ar an nGníomh um Chibearshlándáil ceanglais maidir leis an slabhra soláthair TFC chun athléimneacht chibearshlándála agus cumais chibearshlándála an Aontais a neartú a thuilleadh. Ar deireadh, **iarrfaidh an Coimisiún ar Ghrúpa Eorpach an Choimisiúin um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí**⁴¹ tuairim a thabhairt maidir le rialachas iontaofa freagrach na hintleachta saorga i gcóras fuinnimh an Aontais agus maidir le conas muinín, trédhearcacht agus cothroime an phobail a chosaint.

Gníomhaíocht shuaitheanta 6: Sábháilteacht IS agus cibearshlándáil gaireas criticiúil a neartú

Uainiú: measúnú riosca ar shuiteálacha gréine san Aontas in 2026; athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh in 2026.

Na tionchair a mheastar a bheidh ann: trédhearcacht, inmhintheacht agus formhaoirseacht dhaonna ar theicneolaíochtaí intleachta saorga atá leabaithe i mbonneagair chriticiúla fuinnimh a áirithiú; cibearshlándáil agus athléimneacht eangach leictreachais a mhéadú le gairis ardriosca amháil inbhéartóirí gréine; ailíniú le prótacail cosanta sibhialta agus práinnfhreagartha a áirithiú.

Chun fuinneamh a dhigitiú, tá gá le lucht saothair a chomhcheanglaíonn saineolas fuinnimh le **scileanna digiteacha agus intleachta saorga**. Ní leor an speisialtóireacht thraidisiúnta amháin a thuilleadh: tá tallann hibrídeach, inoiriúnaithe agus éagsúil de dhíth ar an earnáil atá in ann na réimsí sin a dhúnadh, agus aird láidir á tabhairt ar chothromaíocht inscne.

Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá méadaitheach atá le scileanna fuinnimh, digiteacha agus intleachta saorga, áirítear i nglao 2026 ar thograí a rinneadh trí fhochlár don Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE, **gníomhaíocht EUR 10 milliún maidir le heangacha cliste chun scileanna digiteacha agus intleachta saorga inmheánacha oibreoirí córais dáileacháin a neartú**. I bhfianaise Acadamh Glan-Nialasach maidir le heangacha cliste a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart an t-athbhreithniú ar acadaimh a fógraíodh sa teachtaireacht 'Aontas na Scileanna' a chur san áireamh sna tograí. Déanfaidh an Coimisiún infheistíocht freisin i scileanna agus i gcumais trí roinnt bealaí eile: comhpháirtíocht leathnaithe de chuid an Chomhshocráithe um Scileanna maidir le haistriú digiteach an chórais fuinnimh, ina mbeidh spriocanna atá le glacadh in 2026 agus le hathbhreithniú in 2029; agus leanúint de thacaíocht a thabhairt, trí Erasmus+ agus trí phobail eolais agus nuálaíochta EIT, do thionscadail lena bhforbraítear scileanna digiteacha agus IS i réimsí agus cláir staidéir san earnáil fuinnimh ó 2026 ar aghaidh, agus píblínte tallainne ilchineálacha atá cothrom ó thaobh inscne de á gcur chun cinn an tráth céanna.

Tá gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais rithábhachtach chun an rialachas domhanda fuinnimh agus digiteach a mhúnlú ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don Aontas agus dá chomhpháirtithe araon. I gcomhréir le Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta an Aontais⁴², cuirfidh an Coimisiún **comhar idirnáisiúnta chun cinn maidir leis an nasc idir an fuinneamh agus an intleacht shaorga** agus oibreoidh sé le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis agus le

⁴¹ [An Grúpa Eorpach um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí](#)

⁴² [Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh](#)

heagraíochtaí idirnáisiúnta⁴³ chun Plean Oibre G7 um an bhFuinneamh agus um an Intleacht Shaorga a chur chun cinn ó 2026 ar aghaidh. Seolfaidh an Coimisiún, i gcomhar le cathracha agus comhpháirtithe airgeadais, tionscnamh domhanda maidir le huirlisí digiteacha agus intleachta saorga le haghaidh an aistrithe fuinnimh uirbigh agus na bochtaineachta fuinnimh faoi 2028, agus tacóidh sé le haistriú eolais ar réitigh intleachta saorga le haghaidh fuinnimh chuig tíortha comhpháirtíochta faoin tionscnamh IS chun leas an phobail, agus tá na chéad taispeántais beartaithe le haghaidh 2027.

6. Cur chun feidhme an Treochláir Straitéisigh

D'fhéadfadh dul chun cinn míchothrom ar fud an Aontais a bheith mar thoradh ar dhifríochtaí geografacha in ullmhacht intleachta saorga, mar sin tá gá le gníomhaíocht spriocdhírithé chun forbairt chothrom agus cumais dhigiteacha áitiúla níos láidre a áirithiú. Chun tacú le seachadadh an Treochláir faoi 2030, tionólfaidh an Coimisiún **Fóram bliantúil um Aistriú Digiteach an Fhuinnimh** ó 2026 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn, bacainní a shainaithint, dea-chleachtais a chomhroinnt agus aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn a bhféadfadh tuilleadh gníomhaíochta a bheith ag teastáil ina leith. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú freisin ar conas an t-aistriú digiteach agus an intleacht shaorga a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i gceart rialachais an Aontais Fuinnimh⁴⁴ agus forbróidh sé ina theannta sin cuspóirí nithiúla agus spriocanna táscacha leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an aistrithe dhigitigh agus ghlacadh IS sa chóras fuinnimh sna 10 mbliana amach romhainn. Ba cheart na cuspóirí sin a bheith bunaithe ar chreataí faireacháin atá ann cheana, agus ar tháscairí eangaí cliste, amhail inbhreathnaitheacht na heangaí agus comhtháthú acmhainní solúbtha agus beidh siad ag brath ar na foinsí sonraí atá ar fáil.

Leis an ngéarchéim fuinnimh a bhí ann le déanaí, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sonraí fuinnimh ardcháilíochta chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas agus chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh. Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi, tá deis mhór ann feabhas a chur ar cháilíocht, idir-inoibrítheacht agus infhaighteacht thráthúil sonraí agus staidrimh fuinnimh san Aontas. Mar fhreagairt tosaigh, d'fhógair an Coimisiún **Faireachlann Bhreosla**⁴⁵ chun soláthar agus infhaighteacht stoic breoslaí iompair ábhartha a rianú. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an nGníomh um Shonraí, **seolfaidh an Coimisiún tionscnamh maidir le Sonraí Fuinnimh Níos Fearr**, d'fhonn bearnaí in infhaighteacht sonraí fuinnimh a mhapáil agus aghaidh a thabhairt orthu, ag díriú ar shonraí níos cuimsithí, níos mionsonraithe, níos idir-inoibríthí agus níos tráthúla a fháil agus a áirithiú an tráth céanna go mbeidh rochtain éasca air. Beidh an tionscnamh seo ina bhonn eolais do chéimeanna breise chun sonraí fuinnimh poiblí agus oscailte a chuíchóiriú agus a éascú, lena n-áirítear sonraí ó údaráis phoiblí, ó oibreoirí córais agus ó ACER⁴⁶, agus chun staidreamh fuinnimh a fheabhsú⁴⁷. Neartóidh sé sin an faireachán ar spriocanna beartais fuinnimh an Aontais, feabhsóidh sé trédhearcacht sna margaí fuinnimh, agus tacóidh sé le haistriú fuinnimh ghlain níos éifeachtaí.

⁴³ Amhail an [Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh \(GIF\)](#), an [Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fuinneamh Inathnuaite \(IRENA\)](#) agus an [Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta \(ECFE\)](#)

⁴⁴ An Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide (AE) 2018/1999

⁴⁵ Fógraíodh Faireachlann Bhreosla sa Teachtaireacht AccelerateEU (COM(2026) 370 final)

⁴⁶Faoin [Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh](#), déanann ACER faireachán ar mhargaí fuinnimh trí shonraí idirbhirt a bhailiú agus a anailisiú chun cúbláil margaidh a bhrath.

⁴⁷ Trí athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (CE) 1099/2008 chun feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar spriocanna beartais an Aontais. Thairis sin, tá an Coimisiún ag féachaint freisin ar staidreamh a tháirgeadh ó shonraí nuálacha agus sonraí atá i seilbh phríobháideach, agus Rialachán 223/2009 maidir le staidreamh oifigiúil á shaothrú aige.

Gníomhaíocht shuaitheanta 7: Dul chun cinn an aistriú dhigitigh san Aontas a rianú agus infhaighteacht sonraí fuinnimh a fheabhsú

Uainiú: Fóram maidir le hAistriú Digiteach an Fhuinnimh a thionól go bliantúil, ag tosú in 2026; méadracht a shainiú chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an aistriú dhigitigh agus ghlacadh IS in 2027; Faireachlann Bhreosla a chruthú in 2026; tionscnamh maidir le Sonraí Fuinnimh Níos Fearr a sheoladh in R4 2026.

Na tionchair a mheastar a bheidh ann: aistriú digiteach cothrom a áirithiú ar fud na mBallstát, infhaighteacht sonraí fuinnimh a fheabhsú chun faireachán a dhéanamh ar spriocanna bheartas fuinnimh an Aontais agus chun tacú le cinnteoireacht.